An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Saoráil Faisnéise
# Scéim Foilseacháin

Foilsithe ar an 23 Lúnasa 2022
Uasdátú is deireanaí déanta ar an 23 Lúnasa 2022

## Réamhrá

Éilíonn Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014 ar chomhlachtaí um Shaoráil Faisnéise scéim a ullmhú agus a fhoilsiú maidir le foilsiú faisnéise ag an gcomhlacht i gcomhréir leis an scéim foilseacháin samhla agus leis na treoirlínte a rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Ligeann an cur chuige seo d'fhoilsiú nó do thabhairt taifead lasmuigh de Shaoráil Faisnéise ar choinníoll nach bhfuil a leithéid d'fhoilsiú ná rochtain air i gcoinne an dlí. Éilítear ar chomhlachtaí um Shaoráil Faisnéise an oiread faisnéise agus is féidir a fhoilsiú ar bhealach a thugann aird ar phrionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta mar atá leagtha amach in Alt 8(5) agus 11(3) den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus ag tabhairt aird ar an gCód Iompraíochta a dréachtaíodh de réir Alt 48 den Acht sin.

## Scéim Foilseacháin arna hullmhú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Ceanglaíonn an Scéim seo ar an Roinn an fhaisnéis a chur ar fáil mar chuid dá gnáthghníomhaíochtaí gnó. Tá foilsiú na ndoiciméad nach bhfuil díolmhaithe faoin Scéim i gcomhréir le haidhm an Treorach maidir le hAthúsáid Faisnéis na hEarnála Poiblí agus leis an dualgas faoin Treoir sin an fhaisnéis a fhoilsiú agus a chinntiú go bhfuil sí inrochtana agus in-athúsáidte le haghaidh críocha tráchtála agus neamhthráchtála.

Agus a Scéim á hullmhú aici, thug an Roinn aird ar leas an phobail maidir le:

(a) rochtain a cheadú don phobal ar fhaisnéis atá i seilbh na Roinne

(b) na cúiseanna a mbaineann le cinntí a rinne an Roinn a fhoilsiú

(c) aon fhaisnéis a fhoilsiú atá ábhartha nó inspéise don phobal i gcoitinne i ndáil le gníomhaíochtaí agus feidhmeanna na Roinne i gcoitinne.

## Leagan Amach an Fhoilseacháin

Déantar an t-eolas sa Scéim a ghrúpáil i sé aicmí atá liostaithe sa scéim foilseacháin samhla a rinne an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is iad seo a leanas na sé aicmí:

1. Faisnéis faoin gComhlacht um Shaoráil Faisnéise
2. Na Seirbhísí a gcuirtear ar fáil don Phobal
3. An Próiseas Cinnteoireachta a úsáidtear le haghaidh mór-mholtaí beartais
4. Faisnéis an Airgeadais
5. Soláthar
6. Loga Nochta an SF agus Faisnéis Eile atá le foilsiú go rialta

Chomh maith leis an scéim a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne, foráiltear le hAlt 8(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise gur chóir go mbeadh leagan clóite den bhunscéim ar fáil ag Príomhoifig na Roinne ionas go bhféadfaidh duine ar bith den phobal féachaint air le linn gnáthuaireanta.

Más mian le duine ar bith den phobal leagan clóite den bhunscéim a fheiceáil, is féidir leis dul i dteagmháil le hAonad SF na Roinne trí ríomhphost a sheoladh chuig foiunit@enterprise.gov.ie chun coinne a shocrú ina leith.

## A. Faisnéis faoin Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

### Róil, Freagrachtaí agus Feidhmeanna

Tá an Roinn eagraithe in ocht Rannán faoi láthair, chomh maith le roinnt Oifigí ar leith, a léiríonn go ginearálta na haonaid feidhme ar leith ach bíonn comhoibriú agus idirghníomhú suntasach ar siúl idir na Rannáin freisin. Tá Rúnaí Cúnta i gceannas ar gach Rannán agus tá cur síos ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí gach Rannáin le fáil ar leathanach "Cé muid féin" ar shuíomh gréasáin na Roinne agus freisin ar an suíomh whodoeswhat.gov.ie mar a leanas:

1. An Rannán Tráchtála, Tomhaltóirí agus Iomaíochta
2. An Rannán um Straitéis Fiontair, Iomaíochais agus Meastóireachta
3. An Rannán Gnóthaí AE, Digiteach agus Rochtana ar Airgeadais
4. An Rannán Fiontair Dhúchasaigh, FBManna agus Fiontraíochta
5. An Rannán Nuálaíochta agus Infheistíochta
6. An Rannán Trádála
7. An Rannán um Rialáil san Ionad Oibre agus Imirce Eacnamaíoch
8. Rannán na Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Roinn i gceannas ar chomhairle a chur ar bheartais an Rialtais agus iad a chur i bhfeidhm maidir le cumas táirgiúlachta an gheilleagair a spreagadh agus an timpeallacht a chothú a chumasaíonn cruthú na fostaíochta agus an inbhuanaitheacht. Tá sé de chúram ar an Roinn freisin iomaíocht chóir a chur chun cinn sa mhargadh, na tomhaltóirí a chosaint agus cearta na n-oibrithe a chosaint. Trína cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí, tá baint ag sainchúram na Roinne le raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Ag treorú na tacaíochta do na fiontraithe agus do na gnólachtaí fostaíocht ar ardchaighdeáin a chur ar fáil agus a chothú ar fud gach réigiún na tíre, trí bhonn láidir fiontraíochta dúchasach a fhorbairt, trí Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh agus tríd an trádáil a mhéadú.
- Ag cur chun cinn fostaíochta ar ardchaighdeáin, caidreamh dearfach san ionad oibre, sásraí réiteach na n-aighneas ar dhea-fheidhmiú agus timpeallacht oibre shábháilte.
- Ag cruthú cultúr láidir fiontraíochta.
- Ag cabhrú le hearnáil na fiontraíochta maidir lena gcuid riachtanais taighde agus forbartha chun poist nua a chothabháil agus a chruthú agus chun cur le saol níos fearr an phobail a thógáil.
- Ag sainaithint riachtanais scileanna na fiontraíochta atá le teacht (feabhas a chur ar raon na dtáirgí tacaíochta atá ar fáil d'fhonn infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh, éascú na hinfheistíochta agus cruthú na bpost ag gnólachtaí dúchasacha, agus feabhas a chur ar iomaíochas, nuálaíocht agus táirgiúlacht na hÉireann), lena n-áirítear beartas na himirce a oiriúnú chun rochtain ar scileanna agus ar oibrithe oiriúnacha a chinntiú.
- Ag treorú an cur chuige uile-Rialtais chun timpeallacht iomaíoch a fhorbairt le haghaidh na hinfheistíochta, na táirgiúlachta agus na bpost inbhuanaithe

- Ag cinntiú go n-éascaíonn ár rialáil an gnó infheistíocht agus forbairt, an iomaíocht inár margadh, ardchaighdeáin cosanta ár dtomhaltóirí agus ár rialachais chorparáidigh, agus go dtugann sí buntáiste iomaíoch d'Éirinn sa mhargadh domhanda.
- Ag oibriú go huaillmhianach ar fud an Rialtais lenár gcomhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta chun dul chun cinn a bhaint amach i bhfóraim an AE agus Idirnáisiúnta, thar raon leathan na leasanna.
- Ag cur an t-aistriú glas chun cinn san fhiontar.
- Ag comhlíonadh ár ngealltanais maidir le gníomhaíocht na haeráide.
- Ag cothú na deiseanna eacnamaíocha agus fostaíochta a thagann chun cinn do ghnólachtaí agus do shaol an phobail mar chuid den aistriú chuig glan-nialas, lena n-áirítear forbairt an fhuinnimh in-athnuaite, iarfheistiú na bhfoirgneamh, táirgí inbhuanaithe agus slabhraí an tsoláthair a mbaineann leo.
- Ag tabhairt gníomhú ar son na haeráide isteach i ngach gné de ghníomhaíochtaí na ranna agus a cuid gníomhaireachtaí.
- Ag cur Rialuithe Trádála agus Smachtbhannaí Trádála chun feidhme.

### Tuairisc ghinearálta ar aicmí na dtaifead atá i seilbh na Roinne

Is gá taifid iomlána agus chruinne a chruthú agus a chothabháil le cur ar chumas na Roinne a gnó a dhéanamh go héifeachtach agus a cuid dualgais reachtúla a chomhlíonadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018, agus faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986. Dá réir sin, déanann an Roinn taifid, a bhfuil comhdaithe ar chóip chrua agus bog, a chruthaítear nó a fhaightear le linn a cuid oibre ina bhfuil faisnéis oifigiúil nó sonraí a mbaineann go díreach le gnó na Roinne.

I measc samplaí dá leithéid taifead tá:

- Taifid a mbaineann le bunús, struchtúr, feidhmeanna, nósanna imeachta, gnó agus idirbhearta na Roinne.
- Cláir oibre agus miontuairiscí na gcruinnithe.
- Nótaí ar chomhráití suntasacha gutháin.
- Taifid ag lorg ceada do chúrsa gníomhaíochta nó do chinntí.
- Taifid a léiríonn cén fáth nár cuireadh beart nó cinneadh i bhfeidhm.
- Staidpháipéir.
- Meabhráin a scaipeadh le haghaidh tuairimí nó formheasa a fháil ó Airí, ó Ranna nó ón Rialtas

## Socraithe Rialachais/Bainistíochta

### Ról an Aire

In Airteagal 28.12 den Bhunreacht déantar tagairt d'Airí a bheith "i gceannas" Ranna an Stáit. Foráiltear le hAirteagal 28.4.2 den Bhunreacht go bhfuil an Rialtas freagrach i dteannta a chéile as Ranna an Stáit "atá á riaradh" ag Comhaltaí an Rialtais.

Foráiltear san Acht Airí agus Rúnaithe 1924 go bhfuil gach Aire ina cheannaire freagrach ar an Roinn nó ar na Ranna atá faoina chúram agus "go bhfuil sé freagrach ina aonar do Dháil Éireann amháin as riaradh na Roinne nó na Ranna a bhfuil sé ina cheann uirthi nó orthu". Ainmnítear san Acht sin an tAire freisin mar

an t-aonad corparáideach, an t-eintiteas dlíthiúil suthain nach bhfuil mar an gcéanna le sealbhóir ar leith na hoifige.

Foráiltear leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 go bhfuil an tAire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne, de réir na nAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 2017, freagrach as comhlíontacht na bhfeidhmeanna a shanntar don Roinn de bhun aon cheann d'fhorálacha na hAchtanna sin.

Baineann a leithéid freagrachta, atá ina bhun-ghné de struchtúr an Rialtais, le raon fairsing na ndualgas ó chinnteoireacht shuntasach na polaitíochta ar mhórcheisteanna an bheartais go gnáthfhreagrachtaí an riaracháin a chomhlíonann na státseirbhísigh thar ceann an Aire agus iad ag seachadadh na gcuspóirí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na Roinne agus i réimsí reachtúla eile ina bhfuil an tAire agus an Roinn freagrach astu.

## Ról an Aire (na hAirí) Stáit

Tá beirt Aire Stáit sa Roinn faoi láthair. Is é an Rialtas a cheapann na hAirí Stáit, ar ainmniúchán an Taoisigh. I gcomhréir leis na hAchtanna Airí agus Rúnaithe 1924-2017, is féidir leis an Rialtas ceann ar bith de chumhachtaí agus de dhualgais Aire an Rialtais freagracht a fhágáil ag Aire Stáit trí Ordú arna dhéanamh ar iarratas ón Aire Rialtais lena baineann faoi aon Acht ar leith nó faoi aon chumhacht nó faoi aon dualgas reachtúil ar leith. Is féidir le ról agus feidhm an Aire Stáit a bheith ar bhonn riaracháin chomh maith.

Déanann na hAirí Stáit sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta gnó thar ceann an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Cinntear Ról an Aire Stáit ag na feidhmeanna a bhfágtar leis san Ordú um Tharmligean na bhFeidhmeanna. Foilsítear na hOrduithe chun Feidhmeanna Aireachta a fhágáil ag na hAirí Stáit ar shuíomh gréasáin in Leabhar Reachtanna na hÉireann.

## Ról an Ardrúnaí

Is í an tArd-Rúnaí ceannaire na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is Oifigeach Cuntasaíochta don Roinn í freisin. Tá an tArd-Rúnaí freagrach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as a gcuid dualgas mar cheannaire na Roinne sa státseirbhís a chomhlíonadh. Tá sí ina phríomhchomhairleoir beartais don Aire. Dá bhrí sin, tá sí freagrach as comhairle neamhspleách a thabhairt don Aire agus do na hAirí Stáit ar raon leathan saincheisteanna a mbaineann leis an Roinn.

Cé go bhfuil liosta fairsing na ndualgas leagtha amach san Acht um Bainistíocht na Seirbhísí Poiblí 1997, níl sé uileghabhálach agus d'fhéadfadh go gceanglófaí ar an Ard-Rúnaí feidhmeanna eile a chomhlíonadh faoin Acht thar ceann an Aire chomh maith.

Tugann Alt 4(1) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 an t-údarás don Ard-Rúnaí an fhreagracht as comhlíontacht a chuid feidhmeanna a bronnadh ar oifigigh eile (nó ar ghrád oifigigh) na Roinne, mar atá leagtha amach níos luaithe ar leathanach 3. Tá an Roinn eagraithe in ocht Rannán faoi láthair, chomh maith le roinnt Oifigí ar leith, a léiríonn go ginearálta na haonaid fheidhmiúla ar leith, ach tarlaíonn comhoibriú agus idirghníomhaíocht suntasach idir na Rannáin freisin.

## Ról an Bord Bainistíochta

Cabhraíonn an Bord Bainistíochta leis an Ard-Rúnaí lena chinntiú go ndéantar an Roinn a bhainistiú mar aonán corparáideach agus go ndéantar na cinntí ar na príomhcheisteanna beartais, straitéiseacha agus bainistíochta le chéile sula gcuirtear isteach iad, de réir mar is cuí, lena mbreithniú ar an leibhéal polaitiúil nó le cur chun feidhme ar leibhéal eile.

Tá an Bord Bainistíochta comhdhéanta den Ard-Rúnaí, gach Rúnaí Cúnta, Ceannaire an Aonaid um Rialachas, Faisnéise agus Tacaíocht Bainistíochta agus cibé daoine eile, laistigh nó lasmuigh den Roinn de réir mar a chinneann an Bord ó am go chéile. Is i an tArd-Rúnaí  cathaoirleach an Bhoird agus, nuair a bhíonn sí as láthair, aon chomhalta eile arna ainmniú ag an Ard-Rúnaí. I gcás nach féidir formhuiniú/comhaontú an Boird a bhaint amach d'aon ghuth, tá sé de chumas an Ard-Rúnaí fós aon ábhar a chur ar aghaidh lena chur i bhfeidhm nó le breithniú polaitiúil de réir mar is cuí agus gach amhras tugtha faoi deara go cuí. Ní thagann ról an Bhoird Bainistíochta in ionad freagrachtaí na gcomhaltaí ar leith atá leagtha síos dóibh faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 ach ba chóir go dtacódh sé le bainistíocht éifeachtach iomlán na Roinne.

## An Creat Rialachais

Díríonn an Creat Rialachais de chuid an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar a dhearbhú go bhfuil dea-chleachtas beartais agus rialachais fite fuaite sa Roinn. Is é bunús creat rialachais na Roinne ná an caidreamh agus an chumarsáid idir an tAire agus an Roinn. Is í feidhm na Roinne ná comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Aire agus éifeacht a thabhairt do chinntí agus do bheartais an Aire. I measc na bpríomhchaidrimh idir an Roinn agus an tAire:

- Tá an tArd-Rúnaí freagrach as comhairle bheartais a chur ar fáil don Aire ar gach ábhar laistigh de shainchúram na Roinne agus as aon aschur mar a chinneann an tAire a sheachadadh.
- Tá na Rúnaithe Cúnta freagrach as comhairle a chur ar fáil don Ard-Rúnaí agus don Aire maidir le treo na straitéise, le ceapadh an bheartais agus le cur i bhfeidhm ginearálta na mbeartas lena mbaineann.
- Tá na Príomhoifigigh freagrach as comhairle bheartais a chur ar fáil do na Rúnaithe Cúnta, don Ard-Rúnaí agus don Aire.

## Pleananna agus Straitéisí Corparáideacha

Faoi réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, tá an dualgas reachtúil ar gach Roinn agus gach oifig Rialtais Ráiteas Straitéise a chur le chéile gach trí bhliain, nó laistigh de shé mhí ó cheapachán aon aire nua. Cuireann Ráiteas Straitéis na Roinne breac-chuntas ar fáil ar mhisean agus ar spriocanna straitéiseacha na roinne. Leagann sé amach an comhthéacs reatha atá os comhair na bpáirtithe leasmhara agus na Roinne agus luann sé na gealltanais atá á ndéanamh maidir leis na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

## An Tuarascáil Bhliantúil

De réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, foilsíonn an Roinn Tuarascáil Bhliantúil gach bliain ina dtugtar mionsonraí ar an dul chun cinn in aghaidh na gcuspóirí agus na ngealltanas atá luaite i Ráiteas na Straitéise. Ceaptar an tuarascáil mar mhodh monatóireachta ar an ngníomhaíocht, a chumasaíonn measúnú a dhéanamh ar thionchar Ráiteas Straitéise na Roinne. Is deis é freisin chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna nua nó ar chúinsí athraitheacha agus mar sin, is gné thábhachtach bpróiseas cuntasachta na Roinne é. Cuireann an tArd-Rúnaí an tuarascáil seo maidir le dul chun cinn faoi bhráid an Aire agus foilsítear í ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## Eagrúchán agus Struchtúir Pá/Grádaithe

Socraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na scálaí pá agus na rátaí taistil agus cothabhála do gach státseirbhíseach.

Cuireann struchtúr na Roinne línte tuairiscithe soiléire ar fáil chomh maith le soiléireacht i leith réimsí na freagrachta. Leagtar amach an fhreagracht as gach ceann d'ocht Rannán na Roinne ag leibhéal an Rúnaí Cúnta. Leagtar freagracht ar leibhéal an Aonaid Ghnó ar leibhéal an Phríomhoifigigh. Tá cairt eagraíochta a thaispeánann an fhoireann ar fad laistigh de gach Rannán ar leibhéal an Phríomhoifigigh ar fáil anseo.

## Suímh agus sonraí teagmhála na heagraíochta

Tá an Roinn, a cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí lonnaithe i roinnt foirgneamh agus oifigí in Éirinn agus thar lear. Is í príomhuimhir gutháin na Roinne ná 01 6312121 nó 0818 302 12. Is é seoladh gréasáin na Roinne ná An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta - RFTF.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Ba cheart iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh i scríbhinn chuig:

An tAonad um Shaoráil Faisnéise, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 TD30.

Is féidir iarratais a dhéanamh go leictreonach freisin chuig foiunit@enterprise.gov.ie.

## Rochtain ar fhaisnéis faoin gComhshaol

Ba cheart iarratais ar Rochtain ar fhaisnéis faoin gComhshaol atá i seilbh na Roinne seo a dhéanamh i scríbhinn chuig:

An tOifigeach AIE, An tAonad um Shaoráil Faisnéise, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, 23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 TD30.

Is féidir iarratais a dhéanamh go leictreonach freisin chuig AIE@enterprise.gov.ie

## Sonraí teagmhála maidir le Soláthar na Faisnéise do na Meáin Chumarsáide

Déileálann an Phreasoifig le fiosruithe ó na meáin cumarsáide. Cuireann an oifig an pobal ar an eolas freisin trí na meáin chumarsáide faoi bheartais, fheidhmeanna agus ghníomhaíochtaí na Roinne.

## Sonraí teagmhála maidir le Soláthar na Faisnéise don Phobal

Is féidir le muintir an phobail teagmháil a dhéanamh leis an Roinn i roinnt dá cuid foirgneamh agus oifigí.

## Naisc le gníomhaireachtaí/comhlachtaí eile faoi théarmaí tagartha an chomhlachta um Shaoráil Faisnéise

Cabhraíonn roinnt Oifigí agus Gníomhaireachtaí leis an Roinn maidir lena clár a sheachadadh.

### Sonraí ar Chomhaontuithe Seachadadh na Maoirseachta agus na Feidhmíochta/Mheabhráin Tuisceana

Aontaíonn an Roinn agus gach Gníomhaireacht agus Oifig léi, ar bhonn bliantúil, Comhaontú Seachadadh na Maoirseachta agus na Feidhmíochta (CSMF) i leith na nGníomhaireachtaí agus Meabhrán Tuisceana (MT) i leith na nOifigí. Leagann na CSMFnna agus na MTanna seo, atá comhshínithe ag an Ard-Rúnaí agus ag Ceannaire gach Gníomhaireachta/Oifige, amach leibhéil chomhaontaithe na feidhmíochta/na seirbhíse i leith an Chomhlachta don bhliain atá le teacht. Ligeann siad freisin do spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a ghlacadh, agus táscairí an aschuir agus na dtorthaí a fhorbairt lena n-áirítear garspriocanna chun an fheidhmíocht a thomhas in aghaidh na spriocanna.

### Cairt an Chustaiméara

Geallann an Roinn seirbhís chustaiméara ghairmiúil, éifeachtach agus bhéasach a chur ar fáil dá gach custaiméir de réir na 12 Phrionsabal um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí. Leagtar amach i gCairt Chustaiméara na Roinne dúthracht na Roinne maidir le seachadadh na seirbhísí ar ardchaighdeáin dá cuid chustaiméirí a chothabháil agus a fheabhsú. Leagann an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís don Custaiméir amach na spriocanna straitéiseacha agus na struchtúir eagraíochtúla atá curtha i bhfeidhm aici lena leithéid a bhaint amach. Tá Nósanna Imeachta um Gearáin Custaiméirí tréin i bhfeidhm ag an Roinn lena chinntiú go ndéantar aon ghearán a fhaightear a scrúdú agus a réiteach go hiomlán chomh luath agus is féidir.

### Cóid an Chleachtais nó Treoirlínte

Leagann Creat Rialachais na Roinne amach na nósanna imeachta, na próisis agus na nósanna imeachta rialachais atá mar bhonn agus thaca ag obair na Roinne.

## B. An tSeirbhís arna sholáthar nó le soláthar don Phobal

Is é misean na Roinne ná cruthú agus cothabháil na fostaíochta iomlána inbhuanaithe ar ardchaighdeáin a threorú ar fud gach réigiún den tír tríd an bhfiontraíocht agus an nuálaíocht a chur chun cinn ar fud an rialtais, trí thacú le bonn gnó iomaíoch chun an obair, an fiontar, an trádáil, an nuálaíocht agus an infheistíocht a ndreasú agus trí mhargaí atá cóir agus iomaíoch a chur chun cinn chomh maith ledea-chleachtas gnó trí obair rialála agus forfheidhmithe na Roinne, a cuid Oifigí agus a cuid Ghníomhaireachtaí

#### Nuálaíocht Fhiontair

Is comhpháirt riachtanach í an infheistíocht sa nuálaíocht de gheilleagar fiontraíoch agus táirgiúil a thacú. Maoiníonn agus cuireann an Roinn an nuálaíocht bunaithe ar an bhfiontair chun cinn trí raon clár agus tacaíochtaí a gcuirtear ar fáil den chuid is mó trí Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann.

Tá an Roinn freagrach as an gClár Nuálaíocht um Theicneolaíochtaí Corraitheacha, ciste €500m atá mar chuid de Phlean Forbartha Náisiúnta an Rialtais agus atá á riar ag Fiontraíocht Éireann. Tugtar cabhair freisin do cuideachtaí in Éirinn páirt a ghlacadh sa nuálaíocht a baineann leis an spás agus le forbairt na teicneolaíochta trí bhallraíocht na hÉireann i nGníomhaireacht Spis na hEorpa agus trí páirt a ghlacadh i

gCláir Spáis an AE. Téann an Roinn i dteagmháil le Ranna agus eagraíochtaí eile an Rialtais maidir le gnéithe tábhachtacha eile d'éiceachóras nuálaíochta na hÉireann a seachadadh, lena n-áirítear Aistriú Eolais na hÉireann, Mol Nuálaíocht Sláinte na hÉireann, an clár Eureka le haghaidh chomhoibriú na FBManna ar leibhéal idirnáisiúnta, Mol Nuálaíocht Digiteach na hEorpa agus raon tionscnamh eile.

Déanann an Roinn freisin beartas na maoine intleachtúla a fhorbairt, an reachtaíocht a hullmhú agus réimeas na maoine intleachtúla a chur ar fáil atá bunaithe ar an dlí agus ar dea-chleachtas idirnáisiúnta.

### Trádáil agus Infheistíocht

Tá sé mar aidhm ag an Roinn gnó agus trádáil dhomhanda na hÉireann a neartú agus a leathnú ar bhealach cothrom agus inbhuanaithe a thacaíonn le hardchaighdeáin na hoibre agus le méadú breise an gheilleagair uile-Éireannaigh. Is éard atá i gceist lena leithéid ná oibriú lenár gcomhpháirtithe san AE agus idirnáisiúnta chun abhcóideacht a dhéanamh ar son Chomhaontuithe Saorthrádála nua an AE agus leas a bhaint astu; oibriú i gcomhpháirt leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit an AE chun a chinntiú go mbeidh an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) mar chroílár an córas trádála iltaobhaí domhanda atá bunaithe ar rialacha; a chinntiú go ndéanfar rialuithe onnmhairiúcháin agus smachtbhannaí trádála a fhorfheidhmiú d'fhonn tacú leis an slándáil dhomhanda agus le cearta an duine; oibriú ar bhonn ceannaireachta polaitiúla agus treoraí tríd an gComhairle Trádála agus Infheistíochta; agus Straitéis na Trádála agus na hInfheistíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh trádála láidre a cur chun cinn a thacaíonn le fostaíocht agus le fás eacnamaíoch in Éirinn agus i dtíortha comhpháirtíochta, chomh maith le luachanna na hÉireann a chur chun cinn.

### Tacaíocht do FBManna

Cuireann an Roinn raon tacaíochtaí sainoiriúnaithe ar fáil d'fhiontar de gach méid in Éirinn, lena n-áirítear tacaíochtaí maidir le rochtain ar airgeadas, le forbairt bainistíochta, le meantóireacht, le cláir forbairt an ghnó, le margaíocht agus le cur chun cinn na trádála. Déanann an Roinn idirphlé struchtúrtha le páirtithe leasmhara agus déanann sí abhcóideacht ar fud an Rialtais chun a chinntiú go gcuirtear riachtanais na FBManna san áireamh agus beartas náisiúnta á chur i bhfeidhm.

### Tionscnaimh Ghnó agus Earnálacha

Téann an Roinn i dteagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara chun dul i ngleic le saincheisteanna a thagann chun cinn ar bhonn earnála thar gach réimse den ghníomhaíocht fiontraíochta. Baineann na tionscnaimh ghnó agus earnála seo thar raon leathan réimsí a chlúdaíonn earraí agus seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta chomh maith leis an earnáil a thrádáiltear sa bhaile. Dírítear ar an mbeartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun timpeallacht fiontair a fheabhsú as a dtiocfaidh agus as a bhfásfaidh gnólachtaí iomaíocha nua-thionscanta in Éirinn chomh maith le forbairt inbhuanaithe d'fhiontair bheaga is mhóra araon.

### An tIonad Oibre agus Scileanna

Trína cuid oibre ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta, cinntíonn an Roinn go bhfuil na hionaid oibre sábháilte, go gcuirtear cearta na fostaíochta a mbaineann leo i bhfeidhm agus go ndéantar iad a urramú, go gcuirtear caidreamh tionsclaíoch cairdiúil chun cinn agus go ndéileáiltear le gach aighneas nó sárú go

héifeachtach agus go héifeachtúil; go n-aithnítear agus go bhfreastalaítear ar riachtanais na scileanna trí sholáthar an oideachais agus na hoiliúna a ailíniú agus, de réir mar is gá, trí imirce eacnamaíoch spriocdhírithe agus éifeachtúil. Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil don Sainghrúpa ar Riachtanais na Scileanna sa Todhchaí (www.egfsn.ie) agus don Choimisiún um Pá Íseal (gov.ie - Low Pay Commission).

### AE agus an Margadh Inmheánach

Tá ról ceannaireachta agus comhordaithe ag an Roinn maidir le Comhairle Iomaíochais an AE agus maidir leis an Margadh Aonair agus go ginearálta maidir le Clár Oibre AE na Roinne a thiomáint. Déanaimid teagmháil réamhghníomhach ar leibhéal institiúideach an AE agus lenár gcomhpháirtithe AE chun a chinntiú go gcuirtear bearta tosaíochta AE na Roinne chun cinn. Tacaímid lenár nAirí agus iad ar thóir torthaí na mbeartas intíre agus AE a bhaint amach a thacaíonn, go háirithe, le cláir oibre na fiontraíochta, an iomaíochais, an mhargaidh aonair agus na nuálaíochta.

### Dlí na gCuideachtaí agus an Dlí Corparáideach

Le dlí na gcuideachtaí, soláthraítearan creat reachtúil do struchtúr agus d'oibriú na gcuideachtaí atá cláraithe in Éirinn, bídís intíre nó eachtrannach. Tá sé mar aidhm aige an chothromaíocht a chinntiú idir reáchtáil laethúil an ghnó a shimpliú; na cosaintí riachtanacha a choinneáil i bhfeidhm dóibh siúd a dhéileálann le cuideachtaí, amhail a gcuid creidiúnaithe agus a gcuid infheisteoirí; agus réimeas éifeachtach an rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm chun an chomhlíontacht a chinntiú. Cuirtear a leithéid dlí ar fáil in Acht na gCuideachtaí 2014 agus sna hionstraimí reachtúla lena bhaineann. Eascraíonn roinnt dlí cuideachtaí ó reachtaíocht an AE. Tá feidhm ag réimeas comhchosúil an dlí maidir leis na cumainn thionsclaíocha agus choigiltis agus leis na cumainn chairdiúla.

### Cúrsaí Tomhaltóra agus Iomaíochta

Chun cabhrú le hobair éifeachtach na margaí don tomhaltóir agus don gheilleagar ina iomláine, baineann ár gcuid oibre le dhá phríomh-réimse: an beartas náisiúnta agus beartas an AE maidir le cúrsaí reatha na hiomaíochta agus na dtomhaltóirí; agus ag tacú leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chomh maith le teagmháil a dhéanamh leis agus monatóireacht a dhéanamh air

## Straitéis Fiontair, Iomaíochas agus Measúnú

Déanaimid beartais agus freagraí na Roinne ar Athrú na hAeráide agus an Bhonneagar a fhorbairt de réir mar a théann siad i bhfeidhm ar earnáil an fhiontair.

Tacaímid leis an aistriú glas san fhiontraíocht, ag comhlíonadh ár ngealltanais um ghníomhú ar son na haeráide chun ailíniú le Margadh Glas an AE agus le sprioc an Clár Rialtais a bhaint amach maidir le laghdú bliantúil 7% ar an meán ar astaíochtaí foriomlána an gháis cheaptha teasa (laghdú 51%) faoin mbliain 2030, agus íoslaghdú á dhéanamh ag an am céanna maidir leis an tionchar ar an iomaíochas chomh maith leis na deiseanna fáis sa gheilleagar glas a chothú. Tá sé mar phríomhfhócas i gcónaí athléimneacht earnáil an fhiontair a chinntiú.

Cuirimid anailís agus taighde ar fáil ar chúrsaí thar na phríomhréimsí a mbaineann le bonneagar an gheilleagair lena n-áirítear uisce, dramhaíl, fuinneamh, calafoirt, aerfoirt, tithíocht agus pleanáil agus bonneagar na talún agus tugaimid comhairle ar athruithe ar ráiteas an Rialtais a bhaineann leis na hionaid sonraí.

### An Intleacht Dhigiteach agus Shaorga (AI)

Tá ról ceannaireachta agus comhordaithe againn maidir le beartas digiteach agus AI de chuid an AE agus an Stáit. Cuirimid an Fóram Comhairleach Digiteach Fiontraíochta le chéile agus cuirimid tacaíocht ar fáil do ról Ambasadóir an AI. Cuirimid an creat reachtach ar fáil chun seirbhísí digiteacha agus an AI a rialáil. Téimid i dteagmháil leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE/OECD) agus leis an gComhpháirtíocht Dhomhanda ar Intleacht Shaorga (CDIS/GPAI) lena chinntiú go gcuirtear dearcadh na hÉireann chun cinn. Tacaímid lenár nAirí agus iad ag déanamh ionadaíochta thar ceann na nÉireann ar shaincheisteanna digiteacha agus AI ag grúpa Ballstát an D9+, ag cruinnithe Chomhairle an AE agus thar lear.

## C. Próiseas Cinnteoireachta maidir le mór-mholtaí beartais

### Mór-mholtaí an bheartais lena n-áirítear gníomhaíochtaí comhairliúcháin poiblí

Is mór ag an Roinn an t-aiseolas a fhaigheann sí óna cuid páirtithe leasmhara. Dá réir sin, agus mór-mholtaí an bheartais á gcur le chéile aici, eisíonn an Roinn ar a suíomh gréasáin éilimh ar ráitis spéise agus ar iarratais ar rannpháirtíocht i bpróisis chomhairliúcháin ar obair ar leith a dhéanann an Roinn.

### Faisnéis chúlra a bhaineann le moltaí agus cinntí beartais móra

Foilsíonn an Roinn go rialta na sonraí a mbaineann lena cuid ghníomhaíochtaí féin agus le feidhmíocht trádála agus fiontair na hÉireann. Ina theannta sin, tá tuarascálacha, páipéir, fíricí, anailísí agus meastóireachtaí ar chláir a gcuirtear ar fáil lena mbreithniú, a bhfuil baint agus tábhacht acu le haghaidh moltaí agus cinntí móra beartais a chur le chéile, ar fáil ar rannán na bhFoilseachán ar shuíomh gréasáin na Roinne.

### Próiseas Cinnteoireachta na Roinne – Ról Bhord Bainistíochta na Roinne

Cabhraíonn an Bord Bainistíochta leis an Ard-Rúnaí lena chinntiú go ndéantar an Roinn a bhainistiú mar aonán corparáideach agus go nglactar na cinntí ar phríomhcheisteanna beartais, straitéiseacha agus bainistíochta le chéile sula gcuirtear isteach iad, de réir mar is cuí, lena mbreithniú ar an leibhéal polaitiúil nó le cur i bhfeidhm ar mhodh eile.

## D. Faisnéis Airgeadais

### Ráitis Airgeadais

Cuireann Tithe an Oireachtais maoiniú Státchiste ar fáil don Roinn, dá cuid Oifigí agus dá cuid Ghníomhaireachtaí trí phróiseas an bhuiséid bhliantúil arna bhainistiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá soláthar an mhaoinithe dírithe ar gheilleagar na hÉireann a fhás trí phoist inbhuanaithe ar ardchaighdeáin a chothabháil agus a fhorbairt. Tá príomhról ag an Roinn freisin maidir leis na margaí a rialáil, iomaíocht chóir a chinntiú agus an cumas um caidrimh oibreachais éifeachtacha agus éifeachtúla a choinneáil. Baineann bunghnéithe maoiniú na Roinne le deontais infheistíochta caipitil chun tacú le forbairt leanúnach na n-acmhainní fiontraíochta, taighde agus nuálaíochta na hÉireann.

### Pleananna i leith Caiteachas Caipitil ollmhór

Foilsítear doiciméid faisnéise go tráthrialta do chomhaltaí Chomhchoiste an Oireachtais ar Fhiontar, Thrádáil agus Fhostaíocht. Cuireann a leithéid doiciméad athbhreithniú cuimsitheach ar fáil i rith na bliana ar an gcaiteachas arna thabhú ó leithdháiltí airgeadais bliantúla na Roinne, lena n-áirítear na pleananna i leith caiteachas caipitil ollmhór.

### Íocaíochtaí nó Orduithe Ceannaigh i leith earraí agus seirbhísí

Foilsítear sonraí na n-íocaíochtaí a rinneadh ar earraí agus seirbhísí dar luach €20,000 nó níos mó mar riaráistí ar bhonn ráithiúil ar rannán Soláthar ar shuíomh gréasáin na Roinne.

### Íocaíocht Chomhaltaí an Bord Rialachais

Ní fhaigheann comhaltaí Bhord Bainistíochta na Roinne aon íocaíocht breise i leith an róil seo. Faigheann siad íocaíochtaí ar leith ina gcáil mar fhostaithe de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Ní fhaigheann aon fhostaí na Roinne a fhreastalaíonn mar chomhaltaí Boird d'aon Comhlacht Stáit íocaíocht ar bith i leith a leithéid cheapacháin. Is toradh ar chur i bhfeidhm na “Riail Aontuarastail” é seo a chiallaíonn nach bhfaigheann aon duine atá ag fáil tuarastal nó pinsean san earnáil phoiblí íocaíocht breise ar bith as a cheapachán ar Bhord Stáit.

Tá na sonraí faoi chomhdhéanamh bhoird ár gcuid Ghníomhaireachtaí go léir ar fáil ar an suíomh gréasáin Stateboards.ie.

Rinneadh na Treoirlínte a gclúdaíonn íocaíocht na dtáillí le Cathaoirligh agus Stiúrthóirí/Comhaltaí na gComhlachtaí Stáit a n-uasdátú sa bhliain 2014. Is ábhar oibriúcháin laethúil do gach Gníomhaireacht é na costais a mbaineann le comhaltaí an Bhoird a íoc. Tá sceideal na dtáillí agus na gcostas comhiomlán a íocadh le gach Stiúrthóir/Comhalta sa Tuarascáil Bhliantúil a d'fhoilsigh gach ceann dár nGníomhaireachtaí ar fáil ag https://enterprise.gov.ie/ga/Ce-muid-fein/Ar-nOifigi-agus-Gniomhaireachtai//.

## E. Soláthar

Rialaítear an soláthar poiblí ag rialacha an AE agus an Stáit. Leagtar amach sa Chreat Beartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí beartais uileghabhálacha an tsoláthair phoiblí in Éirinn agus baineann cúig ghné leis:

1. An Reachtaíocht (Treoracha, Rialacháin)
2. Beartas an Rialtais (Ciorcláin srl)
3. Creat Bainistíochta na nOibreacha Caipitil le haghaidh Oibreacha Poiblí
4. Treoirlínte Ginearálta an tSoláthair le haghaidh Earraí agus Seirbhísí
5. Treoirlínte teicniúla níos míne, doiciméadú teimpléid agus nótaí faisnéise arna n-eisiúint go tréimhsiúil ag Aonad Beartais na hOifige um Sholáthar an Rialtais

Leagann an creat amach gnáis an tsoláthair atá le leanúint ag na Ranna Rialtais agus na Comhlachtaí Stáit faoi rialacha an Stáit agus an AE.

Cuirtear prionsabail Threoirlínte Soláthair Phoiblí – Próiseas Iomaíoch na Roinne Airgeadais a rialaíonn na soláthairtí ar luach suas go dtí méid tairseach an AE (€144,000 faoi láthair) i bhfeidhm sa Roinn agus ina cuid Oifigí. Tá a leithéid treoirlínte ar fáil don fhoireann ar fad ar inlíon na Roinne.

Baineann an Roinn úsáid as teimpléid de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP) d'Iarraidh ar Thairiscintí (IaT) agus do Dhoiciméid Chonartha, chun earraí agus seirbhísí ar luach os cionn €25,000 a sholáthar agus déantar á bhfógairt ar an suíomh gréasáin eTenders. Úsáidtear a leithéid doiciméid teimpléid go minic freisin le haghaidh conarthaí ar luach níos ísle.

Is cuid lárnach de phleanáil gnó na Roinne agus a cuid Oifigí í pleanáil an tsoláthair.

Is iad seo a leanas na cuspóirí a mbaineann le plean éifeachtach:

- Luach níos fearr ar an airgead a bhaint amach
- Tacú le seachadadh na seirbhíse agus na gcuspóirí straitéiseacha atá i bplean Corparáideach na Roinne a chomhlíonadh
- Cinntiú go gcomhlíontar Treoracha an tSoláthair, an reachtaíocht, na ciorcláin agus na riachtanais dhlíthiúla eile
- Comhlíonadh le beartais agus nósanna imeachta an soláthair a chinntiú
- Trédhearcacht agus cuntasacht a chur mar bhonn ar chleachtais an tsoláthair
- Tacú leis na GBManna
- Cuspóirí eacnamaíocha, sóisialta nó comhshaoil a éascú tríd an soláthar
- Deiseanna na héagsúlachta agus cur chun cinn an chomhionannais a aithint maidir le rochtain ar sheirbhísí agus rannpháirtíocht i bpróiseas an tsoláthair
- Feabhas a chur ar mheasúnuithe bainistíocht an riosca i bpróiseas soláthair
- Tacú le forbairt agus le nuálaíocht leanúnach laistigh d'fheidhm soláthair na Roinne
- Deis don fhoireann a chur ar an eolas faoin gcaoi a dhéantar forbairt ar an soláthar san eagraíocht agus conas is féidir leo cur lena leithéid forbartha
- Cabhrú leis na húdaráis chonarthacha a gcuid nósanna imeachta soláthair a meas
- Barr an fheabhais a bhaint amach maidir le torthaí iomlána soláthair

Cinntíonn an Roinn go gcomhlíontar gníomhaíochtaí an tsoláthair phoiblí de réir rialacha agus gnáis an tsoláthair. Oibríonn an Roinn go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), chun tionscadail an tsoláthair a chur i bhfeidhm ar lánchomhlíontacht. Tacaíonn an OSR leis an Roinn freisin maidir lenár bhfeasacht ar dualgais an dlí agus ar na beartais maidir leis an soláthar poiblí a n-uasdátú. Tá a leithéid leagtha amach go soiléir i gCaighdeán an Rialachais Chorparáidigh maidir leis an státseirbhís, sa Chód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit, sa Chód Caiteachais Phoiblí, i dtreoirlínte an tsoláthair agus sna creatdhoiciméid arna bhfoilsiú ag an OSR, agus i reachtaíocht an AE agus an Stáit.

## Comórtais tairisceana reatha ar shuíomh gréasáin eTenders

Tá na sonraí faoi chomórtais tairisceana reatha os cionn luach €10,000 do TFC agus luach €25,000 do gach comórtas eile ar fáil ag www.etenders.gov.ie

## Íocaíochta nó Orduithe Ceannaigh i leith earraí agus seirbhísí

Foilsítear sonraí na n-íocaíochtaí a rinneadh ar earraí agus seirbhísí dar luach €20,000 nó níos mó i riaráiste go ráithiúil ar rannán soláthair ar shuíomh gréasáin na Roinne.